

Obair Dhílis Scoláirí a Chur chun Cinn Ceisteanna a Aithint atá Oiriúnach don Imscrúdú Eolaíochta

Fócas ar an Toradh Foghlama

Nádúr na hEolaíochta 2: Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire ceisteanna a aithint atá oiriúnach le haghaidh iniúchadh eolaíochta, hipitéisí intástáilte a chumadh, agus straitéisí chun hipitéisí a iniúchadh a mheasúnú agus a chur i gcomparáid

Intinn Foghlama

Trí rannpháirtíocht a ghlacadh sa ghníomhaíocht seo

1. Foghlaimeoidh scoláirí conas sreabhchairt a úsáid chun a mheas cé acu atá a gcuid ceisteanna oiriúnach le haghaidh iniúchadh eolaíochta.
2. Forbróidh scoláirí critéir ratha ar cad a theastaíonn chun ceist mhaith a bheith acu.

Ag Ullmhú i gComhair Iniúchadh Turgnamhach Sínte (MRB 1)

Agus scoláirí ag cinneadh ar a gcuid ceisteanna le haghaidh an ITS is féidir leo an tsreabhchairt a úsáid i dteannta le na critéir ratha a d'fhorbair said chun a mheas an bhfuil a cheist féinigh oiriúnach i gcomhar iniúchta.

Gearr na ceisteanna seo a leanas ina stiallacha.

1. Iarrtar ar scoláirí an tsreabhchairt a úsáid chun a chinneadh cé acu atá gach ceann dá gcuid ceisteanna intástáilte nó neamh-intástáilte agus iad a roinnt ina dhá gcarn.
2. Iarrtar ar scoláirí ansin ceist a thógáil ón gcarn neamh-intástáilte agus trí úsáid a bhaint as an tsreabhchairt, í a athscríobh go dtí go mbaineann sí an pointe deiridh amach.
3. Téitear i mbun plé ar cad a theastaíonn chun ceist a dhéanamh oiriúnach i gcomhair iniúchta agus forbraítear critéir lena aghaidh sin.

Cén fáth a bhfásann plandaí?	An bhfásfaidh mo phlandasa?
Cén cineál ithreach is fearr i gcomhair plandaí?	An gcuirfidh an méid uisce le hairde phlanda?
An imreoidh an cineál leasaithe tionchar ar an líon torthaí a thugann an planda?	An bhfásfaidh planda níos airde i gCalifornia nó in Alaska?
An dtéann méid an phota a i bhfeidhm ar an líon fréamhacha a bhíonn ag planda?	Cén cineál síolta a theastaíonn uaim chun planda a fhás?

Scríobh do cheist anseo

Tosaigh
Anseo

An mbaineann an eolaíocht taobh thiar de do cheist leis an topaic?

Ní hea

Tús iontach! Ach ní mór duit do cheist a athrú nó a leasú, ionas gur féidir í a iniúchadh. Athscríobh do cheist agus tosaigh arís.

Sea

An féidir leat do cheist a iniúchadh ag úsáid na n-ábhar atá ar fáil duit?

Sea

An féidir leat do cheist a iniúchadh san am atá ar fáil duit?

Ní hea

Sea

An bhfuil tuairimí le fail i do cheist? (m.sh. is fearr, níos fearr srl.)

Ní hea

Sea

An féidir leat athrúga a aithint i do cheist .m.sh rudaí is féidir a thomhas nó a bhreathnú?

Ní hea

Sea

Is iad seo mo chuidse athróg:

Ní hea

An gcabhraíonn iniúchadh ar do cheist leat a thuiscint cén chaoi nó cén fáth a dtarlaíonn rudaí?

Ní hea

NA CHÉAD
CHÉIMEANNA EILE?

Ar fheabhas! Tá ceist agat le hiniúchadh!

Sea